



Luach na bhfálta sceach dúchasacha



Is tearmann don bhfiadhúlra iad na fálta sceach dúchasacha faoin tuath i nGaillimh. Cruthaíonn siad conairí a cheadaíonn d’ainmhithe, idir bheag agus mhór, gluaiseacht tríd an tírdhreach, agus soláthraíonn bia agus foscadh riachtanadh don bhfiadhúlra. Is áit folaigh iad na sceacha freisin do phlandaí agus d’ainmhithe coille i dtír ina bhfuil an choillearnach gann. Achar amach uathu ní bhíonn an chuma ar sceacha go mbeadh a lán fiadhúlra iontu ach nuair a dhruidtear in aice leo is féidir a fheiceáil go bhfuil siad lán den bheatha.

Feabhsaíonn fálta sceach scéimh an tírdhreacha chomh maith. Samhlaigh tírdhreach na tuaithe in Éirinn gan fálta sceach! Is cuid dár n’oidhreacht stairiúil, chultúrtha agus nádúrtha iad na fálta sceach agus cabhraíonn siad chun ómós áite a chruthú.



Photo Copyright Dave Ruffles

Cuireann fálta sceach foscadh agus scáthú ar fáil do thithíocht, cabhraíonn siad le daoine billí teasa a laghdú agus príobháideachas a chruthú. Is féidir le fálta sceach dúchasacha a bheith ina gcríocha an-tarraingteacha de thithe, fiú i bhforbairt agus in eastáit mhóra. Is fearr go mór don chomhshaol iad ná ballaí

críche atá déanta de bhlocanna coincréide.

Is feidhm thalmhaíoch is mó atá ag fálta sceach. Rianann siad críocha na bpáirceanna agus feidhmíonn siad mar imfhálú stocdhíonach. Tugann sceacha foscadh ón ngaoth do stoc agus do bharráí. Cabhraíonn siad chomh maith le galair a iompraítear san aer a chosc, gluaiseacht uisce a rialú agus tuilte a chosc.



Is críocha beo iad fálta sceach agus ba chóir iad a chaomhnú go gníomhach. .



Fálta Sceach na Gaillimhe: torthaí ar shuirbhé ar fud an chontae

Ba í príomhaidhm shuirbhé fálta sceach Chontae na Gaillimhe stádas chomhdhéanamh, struchtúir agus bhainistiú na bhfálta sceach i nGaillimh a dheimhniú, agus moltaí a dhéanamh maidir le caomhnú na bhfálta sceach.

Fairsinge na bhFálta Sceach	Tá líonra fairsing fálta sceach ag Gaillimh agus meastar a fhad ag os cionn 23,000 km! Tá an chuid is mó den líonra in oirthear an chontae.
Toir Fhálta Sceach	Rinneadh ocht gcineál is fiche toir nó crainn ar a laghad a thaifeadadh sa sraith tor nó sceacha de na sceacha a samplaíodh, rud a léiríonn éagsúlacht agus ilghnéitheacht fhéideartha na bhfálta sceach i nGaillimh. Is í an sceach gheal an speiceas is coitianta ar fad atá ar fáil i sceacha i nGaillimh mar atá i gcuid mhaith den tír. I measc na dtor coitianta eile tá draighneán, trom, cuileann, coll, feoras agus pribhéad. Tá aiteann agus saileach níos coitianta i gceantair fhliucha agus in ardtailte. Tá an tor álainn, an fhiúise, planda dúchasach as an tSilé, coitianta i gceantair san iarthar inar cuireadh go foirmiúil í agus tá scaipeadh glasnach déanta aici.
Crainn na bhFálta Sceach	Is iad an fhuinseog agus an sceach gheal na fálta sceach is coitianta atá ar fáil i nGaillimh. Tá crainn fhálta sceach go hiontach don bhfiadhúlra agus cruthaíonn siad an tuairim go bhfuil níos mó coillte sa tírdhreach ná mar atá i ndáiríre.
Féitheacha Fhálta Sceach	Tá féitheacha adhmaid le fáil go rialta i sceacha na Gaillimhe chomh maith: eithneán, dris, féithleann agus rós fiáin. Cuireann na féitheanna seo le hilghnéitheacht bhláth na bhfálta sceach agus is foinse bhreise bia iad don bhfiadhúlra.
Struchtúr na bhfálta sceach	Tá formhór fhálta sceach na Gaillimhe measartha ard (>1.5m), leathan (> 1m) agus tomógach agus is dócha dá bharr sin go bhfuil siad an-mhaith don bhfiadhúlra mar go gcuireann siad clúdach agus torthaí ar fáil go flúirseach. Ní bhíonn fás dlúth i mbun a lán fálta sceach áfach agus bíonn siad bearnach go leor, rud a laghaíonn a luach don bhfiadhúlra.
Stádas bainistiú na bhfálta sceach	Tá an chuma ar go leor d’fhálta sceach na Gaillimhe nach ndearnadh bainistiú orthu le tamall nó go bhfuil drochbhaistíú á dhéanamh orthu. Dá méadófaí caighdeán agus méid na bainistíochta ba mhór an feabhas a dhéanamh ar lulach éiceolaíoch agus talmhaíochta sceacha na Gaillimhe, agus chinnteofaí inmharthanacht acmhainn na bhfálta sceach sa bhfadtéarma.






Tábla 1: Na príomhchineálacha tor agus crann atá ar fáil i bhfálta sceach Chontae na Gaillimhe


Ainm Coitianta	Ainm Eolaíoch
Sceach Gheal	<i>Crataegus monogyna</i>
Draighneán	<i>Prunus spinosa</i>
Trom	<i>Sambucus nigra</i>
Aiteann	<i>Ulex species</i>
Sailleach	<i>Salix species</i>
Fuinseog	<i>Fraxinus excelsior</i>
Cuilleann	<i>Ilex aquifolium</i>
Coll	<i>Corylus avellana</i>
Feoras	<i>Euonymus europaeus</i>
Prihbhead	<i>Ligustrum vulgare</i>
Fia-úll	<i>Malus sylvestris</i>
Seiceamóir	<i>Acer pseudoplatanus</i>
Silín fiáin	<i>Prunus avium</i>
Póirín sneachta*	<i>Symphoricarpos albus</i>
Spionán*	<i>Ribes uva-crispa</i>
Fál Bosca*	<i>Lonicera nitida</i>
Caorchon	<i>Viburnum opulus</i>
Beith	<i>Speiceas Betula</i>
Leamhán	<i>Speiceas Ulnus</i>
Daimsín*	<i>Prunus domestica</i>

Common name	Scientific name
Fiúise*	<i>Fuchsia magellanica</i>
Fearnóg	<i>Alnus glutinosa</i>

*Plandaí Neamhdhúchasacha



Cúig chineál nó grúpa fáil sceach atá ar fáil i gContae na Gaillimhe



Grúpa 1: Sceacha Aitinn

Bíonn na fáilte sceach seo ar fáil go coitianta i gceantair le hithreacha imeallacha, a bhíonn aigéadach de ghnáth agus ar thalamh ard go minic.




Grúpa 2: Sceacha geala gan mórán speiceas

Bíonn speiceas eile ar an draighneán nó an leamhán ar fáil sa ghrúpa athraitheach forleathan seo.



Grúpa 3: Sceacha le cuileann

Bíonn na sceacha seo measartha saibhir i speicis, agus iad comhdhéanta go ginearálta de sceach gheal, draighneán, cuileann, trom, fuinseog agus/nó prihbhead agus tá siad níos coitianta in oirthear na tíre.



Grúpa 4: Sceacha le coll agus/nó feoras

Tá na sceacha seo cosúil le Grúpa 3 ach go mbíonn coll agus/nó feoras iontu agus go ginearálta nach mbíonn siad chomh saibhir i speicis.



Grúpa 5: Fáilte sceach le saileach ar thalamh fliuch

Is é an speiceas sailí i mó a bhíonn i bhfálta sceach sa ghrúpa seo, agus roinnt den sceach gheal tríd. D'fhéadfadh aiteann, draighean agus prihbhead a bheith i láthair freisin.

Ar mhaithe le hinmharthanacht agus le caomhnú fhadtéarmach acmhainn fáilte sceach na Gaillimhe a chinniú, is iad an t-easpa bainistíochta cuí agus an t-easpa tuiceana faoi luach na bhfálta sceach na fadhbanna is mó.

Fálta Sceach faoi bhagairt


Tá fáilte sceach á mbaint amach ar ráta scáfar ar fud an chontae agus na cathrach in nGaillimh chun slí a dhéanamh do thithe aon

uaire, forbairtí móra tithíochta, píblinte gáis agus scéimeanna bóthair. Baineadh amach iad freisin in áiteanna ar mhaithe le dianshaothrú na talmhaíochta. I roinnt cásanna, tá siad ag dul in eag mar gheall ar easpa bainistithe cuí.



Is cuid d'oidhreacht agus d'fhéiniúlacht nádúrtha, chultúrtha, stairiúil agus sheandeolaíoch na hÉireann iad na fáilte sceach agus ba chóir urraim agus cosaint a thabhairt dóibh dá réir.

Moltaí um chaomhnú fáilte sceach



1. Ba chóir tús áite a thabhairt d'fhálta sceach, do sceacha ar chríocha bhailte fearainn agus cois bóthair atá saibhir i speicis.
2. Cuireann fáilte sceach cois bóthair fráma ar an tuath do gach úsáideoir bóthair agus méadaíonn scéimh an tírdhreacha, agus ba chóir iad a choinneáil i bhforbairtí nua dá bhrí sin. Más gá iad a bhaint amach, ba chóir fáilte sceach dúchasacha a chur in áiteanna eile.
3. Ba chóir plandlanna agus ionaid garradóireachta i gContae na Gaillimhe a spreagadh chun stoc crann agus tor dúchasacha a choinneáil.
4. Tá bainistiú cuí ar fhálta sceach riachtanach chun acmhainn inmharthanach fáilte sceach a chaomhnú.



Treoracha um bhainistiú fhálta sceach

1. Ba chóir fálta sceach a ghearradh ar a dtaobh agus cruth garbh A a chur orthu, ach an barr a bheith saor chun cruth crainn a fhás.
2. Níor chóir airde na sceach a laghdú faoi bhun 1.5 méadar.
3. Ba chóir fálta sceach a bhearradh in uaineacht trí bliana nó mar sin dar le treoracha Teagasc (www.teagasc.ie). Ar mhaithe le sábháilteacht bóithre beidh gá le bearradh bliantúil in áiteanna.
4. Ba chóir crainn óga i bhfálta sceach a choinneáil más féidir chun leibhéal na gcrann i bhfálta sceach i nGaillimh a mhéadú.
5. Ba chóir speicis áitiúla, ón gceantar áitiúil más féidir, a úsáid chun fálta sceach nua a chur.
6. Ba chóir speicis ionracha i bhfálta sceach (m.sh, Rhododendron, glúineach bhiorach agus balsam himiléach) a smachtú.

Sceacha agus an dlí

Cuireann an tAcht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000 toirmeasc ar fhálta sceach a ghearradh sa tréimhse ríthábhachtach neadaithe san earrach agus sa samhradh (1 Márta go dtí an 31 Lúnasa) mar gheall ar an tionchar docharach ar éin atá ag neadú ar ar an gcuid eile den bhfiadhúlra.

Suímh idirlín úsáideacha

Comhairle Contae na Gaillimhe
www.galway.ie

Tionscadal Daoine agus Dúlra
www.galway.ie/en/Services/Heritage/BiodiversityProject

Crann
www.crann.ie

An Chomhairle Oidhreachta
www.heritagecouncil.ie

An tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fíadhúlra
www.npws.ie

Irish Seed Savers Association
www.irishseedsavers.ie

Comhairle na gCrann
www.treecouncil.ie

ENFO
www.enfo.ie

Teagasc
www.teagasc.ie

Published by:
Comhairle Cathrach na Gaillimhe
The Heritage Council

Téacs agus Grianghraif:
Janice Fuller



Galway County Council
Comhairle Chontae na Gaillimhe

